European Road Safety Charter
Our commitment saves lives

Treoirlínte chun cloí le sábháilteacht bhóthair

Conas m'aicsin sábháilteachta bhóthair a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú – Leagan Gearr

An Cairt Eorpach um Shábháilteacht Bhóthair

Is é an Cairt Eorpach um Shábháilteacht Bhóthair é an t-ardán sochaí sibhialta is mó maidir le sábháilteacht bhóthair, a bhfuil an Coimisiún Eorpach i gceannas air. Go dtí inniu, chloígh suas le 3,400 eintitis poiblí agus príobháideacha leis an gCairt agus chuir siad aicsin agus tionscnaimh um shábháilteacht bhóthair i bhfeidhm ar a mbaill, a gcuid oibrithe agus an chuid eile den sochaí.

Chuir na haicsin sin treise le cultúr sábháilteachta bhóthair timpeall na hEorpa, chuir sé tuilleadh feasachta ar an bpobal maidir le cúiseanna timpiste agus chabhraigh sé beartais coisctheacha agus freagraí a chruthú.

Áirítear i measc baill an Chairt comhlachtaí, cumainn, údaráis áitiúla, institiúidí taighde, ollscoileanna agus scoileanna. Tugtar aitheantas dílis do gach eintiteas a chloíonn leis agus cuirtear a n-aicsin ar fáil go poiblí inár suíomh, chun go mbeidh daoine eile in ann foghlaim agus inspioráid a aimsiú.

Is é misean reatha an Chairt Eorpaigh um Shábháilteacht Bhóthair ná an pobal seo a spreagadh, a chothú agus a leathnú tuilleadh, agus ar deireadh líon na dtaismí bóthair a ísliú roimh 2020.

Conas cloí le ERSCharter

Ceithre ghné a bhaineann le cloí le ERSCharter

Ní mór aicsin chun cloí leis a dhearadh de réir an cheithre ghné lárnach seo a leanas:

1. Freagra a thabhairt d'fhadhb maidir le sábháilteacht bhóthair
2. Aidhmeanna soiléire a chur san áireamh
3. Plean aicsin a chur san áireamh
4. Plean measúnaithe/monatóireachta a chur san áireamh

Cúig chéim chun do bhearta um shábháilteacht bhóthair a ullmhú

Is féidir linn 5 chéim chun plean aicsin um sábháilteacht bhóthair a ullmhú a ainmniú mar a leanas:



Céim 1: Measúnú ar shábháilteacht bhóthair

Is é an chéad chéim chun do chlár aicsin um shábháilteacht bhóthair a ullmhú ná fadhbanna sábháilteachta bhóthair atá oibiachtúil a aimsiú i do chlár (m.s. ba mhian le comhlacht líon na dtimpistí a bhaineann lena lucht oibrí a ísliú) nó ábhar a roghnú ar mhian leat dul i ngleic leis (m.s. ba mhian le cumann óige dul i ngleic le tiomáint ar meisce); ansin an t-eolas (eolaíochta) ag teastáil a bhailiú maidir leis na fadhbanna.

Cuir ceist ort féin.

1. Cad iad na fadhbanna/ábhair is féidir liom a aimsiú?
2. Cén fáth go bhfuil sé ábharach do m'eagraíocht féin dul i ngleic leis na fadhbanna/ábhair sin?
3. An leor an t-eolas atá agam maidir leis na fadhbanna aimsithe agam?
4. Conas is féidir liom feabhas a chur ar mo chuid feasachta maidir leis na fadhbanna aimsithe?
5. Cad iad na fadhbanna/ábhair ar mhian liom dul i ngleic leo?

Céim 2: Aidhmeanna a leagan síos:

Sula socraíonn tú plean aicsin, is céim rí-thábhachtach é aidhmeanna soiléir intomhaiste a shonrú. Ní mór do gach aidhm a bheith SMART (Béarla):

- **S**onrach: ní mór d'aidhmeanna a bheith gaolta le fadhbanna/spriocghrúpaí sonracha aimsithe agat
- **I**ntomhaiste: ní mór duit a bheith in ann cainníocht a chur ar a mbeidh bainte amach.
- **I**ndéanta: is féidir na haidhmeanna a bhaint amach.
- **Á**bharach: ní mór gur fiú iad na haidhmeanna, agus go mbeidh siad bainteach le feabhas a chur ar shábháilteacht bhóthair agus le príomhcheisteanna d'eagraíochta féin.
- **F**aoi cheangal ama: ní mór go mbeidh tréimhse agus spriocdháta soiléir i gceist le gach cuspóir/aidhm.

Cuir ceist ort féin.

1. Cé a mbeidh ag obair ann?
2. Cad é atá uaim a bhaint amach?
3. Cén fáth go bhfuil an t-aidhm sin tábhachtach?

Céim 3: Plean aicsin

Tar éis duit aidhmeanna soiléire, ábharacha agus intomhaiste a leagan síos, is féidir leat do phlean aicsin a shocrú. Ós rud é gur gá don phlean seo a bheith soiléir ábharach, moltar duit cur síos ar gach aicsean ar an maitrís a leanas.

	Cur síos	Spriocghrúpa	Uirlisí agus modhanna	Daoine ag obair ann	Tomhais/comhartha í ratha	Rioscaí féideartha
Aicsean 1						
Aicsean 2						
Aicsean 3						
….						

Céim 4: Do phlean aicsin a chur i bhfeidhm

Tar éis duit gach aicsean ar chóir duit a chur i gcrích chun plean feidhmithe soiléir a dhéanamh:

1. Tabhair tosaíocht do d'aicsin
2. Socraigh tréimhse ama: seans go mbeidh tionchar ag éifeachtacht d'aicsin ag an am a ghlacann siad. Dá bhrí sin, ní mór duit tréimhse ama a leagan síos do gach aicsean. Braitheann tréimhse ama idéalach ar: an fhadhb, an tráthúlacht agus do bhuiséad. Is féidir le haicsean/feachtas a bheith leanúnach nó tarlú i gcéimeanna éagsúla leantacha.
3. Cuir plean cumarsáide leis: beidh ort cumarsáid a dhéanamh roimhe, i rith agus tar éis d'aicsin. Ós rud é gur féidir le rath ar d'aicsin brath ar do straitéis chumarsáide, is tábhachtach go mbeidh a fhios agat céard, conas agus cathain a ndéanfaidh tú cumarsáid maidir le d'aicsin.
4. Cuir measúnú foirmitheach leis: moltar go mór athleanúint nó monatóireacht ar d'aicsin le linn tréimhse a bhforbartha nó le linn a gcur i bhfeidhm luath. Cuir ceist ort féin: an bhfuil gach rud ag dul mar a bhí pleanáilte? Déan athruithe dá réir.

Céim 5: Measúnú Suimitheach

Cuid de chloí ERSCharter, tá na haidhmeanna seo a leanas ag an measúnú seo:

1. fáil amach cé chomh mór a d'éirigh le haidhmeanna agus cuspóirí an tairisceana;
2. más féidir, míniúchán a thabhairt ar an fáth go bhfuil nó nach bhfuil na haicsin éifeachtacha;
3. é a úsáid mar ionchur sa todhchaí agus aicsin an todhchaí a chur i bhfeabhas;

Cuirtear ar a laghad ceann de na gnéithe a leanas san áireamh i measúnú maith:

1. Measúnú an phróisis: Spriocghrúpaí sroichte? Cé chomh mór? Cén fáth (níl)?
2. Measúnú éifeachta: Aidhmeanna agus Cuspóirí bainte amach? Cé chomh mór? Cén fáth (níl)?
3. Beartais roimhe-tar éis le gach aicsean más féidir (de réir cineál aicsin)

Conas na comharthaí a leagan síos?

Níor chóir go mbeadh sé ró-dheacair comharthaí a leagan síos má tá tú tar éis d'aidhmeanna SMART (Céim 2) a shocrú agus plean aicsin a fhorbairt leis an maitrís de réir Céim 3. Tá sé tábhachtach, áfach, d'am a ghlacadh chun na comharthaí cearta a roghnú ionas go mbeidh tú cinnte go bhfuil siad i scóip na féidearthachtaí airgeadais agus eagraíochta atá agat. Ní bhíonn measúnú ar d'aicsin costasach i gcónaí.

Do ghealltanas, ar shuíomh gréasáin an Chairt

Bí i do bhall sa Chairt

1. Téigh go dtí suíomh gréasáin an ERSCharter: http://www.erscharter.eu/ (is féidir leat teanga a athrú ar thaobh deise uachtarach an tsuímh)
2. Roghnaigh an cnaipe "Join!" suas an bharra cuardaigh chun cuntas a chruthú
   - Tabhair eolas faoi d'eagraíocht
   - Léigh agus glac le prionsabail an ERSCharter
   - Roghnaigh do spriocghrúpaí agus ábhair.
3. Deimhnigh do shíntiús. Gheobhaidh tú r-phost le ceistneoir faoi tuilleadh sonraí maidir le d'eagraíocht agus do ghníomhaíochtaí um shábháilteacht bhóthair. Tar éis duit an fhoirm ghearr seo a líonadh isteach, beidh tú i do bhall den Chairt Eorpach um Shábháilteacht Bhóthair!

Cad is féidir leat a dhéanamh ar rannóg Mo Chairt an tsuímh gréasáin ERS?

- ➔ Faisnéis a roinnt maidir le do ghníomhaíocht um shábháilteacht bhóthair
- ➔ Faisnéis maidir le do ghealltanais roimhe seo a stóráil
- ➔ Faisnéis a roinnt maidir le d'ócáidí sábháilteachta bhóthair, iad a dhéanamh poiblí nó cuireadh a thabhairt ar rannpháirtithe
- ➔ Roinn teistiméireachtaí maidir le haon ghné sábháilteacht bhóthair agus an próiseas chun d'aicsin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus inspioráid a thabhairt.
- ➔ Rochtain a fháil ar uirlisí saincheaptha chun teacht ar ábhar promóisin agus treoirlínte an ghealltanais
- ➔ Cuir dea-chleachtas isteach chun páirt a ghlacadh ar an ócáid bliantúil Excellence in Road Safety Award.
- ➔ Breathnaigh ar aicsin cosúla le Baill ERSCharter eile